## PREASEISIÚINT Uimh. 116/25

**Lucsamburg, 11 Meán Fómhair 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-59/23 P | an Ostair v an Coimisiún (Stáisiún cumhachta núicléiche Paks II)

# Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh an Choimisiúin lena bhformheastar cabhair na hUngáire do stáisiún cumhachta núicléiche Paks II ar neamhní

*Ba cheart don Choimisiún a fhíorú an gcomhlíonann dámhachtain dhíreach an chonartha chun dhá imoibreoir nua a thógáil ar chuideachta Rúiseach rialacha soláthair phoiblí an Aontais*

Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis achomharc a fháil ón Ostair, breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh sa chás seo agus an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach lena bhformheastar cabhair na hUngáire chun dhá imoibreoir núicléacha nua a fhorbairt ag stáisiún cumhachta núicléiche Paks ar neamhní. Ós rud é go bhfuil nasc doscaoilte idir tógáil an dá imoibreoir, arb ionann iad agus cuspóir na cabhrach, agus dámhachtain dhíreach an chonartha ar chuideachta Rúiseach agus an cuspóir sin, ba cheart don Choimisiún a fhíorú an bhfuil an dámhachtain dhíreach sin, gan nós imeachta tairisceana poiblí, i gcomhréir le rialacha soláthair phoiblí an Aontais.

Le cinneadh an 6 Márta 2017 [1], d'fhormheas an Coimisiún an chabhair infheistíochta a bhí beartaithe ag an Ungáir a dheonú don chuideachta MVM Paks II [2] atá faoi úinéireacht an Stáit chun dhá imoibreoir núicléacha nua a fhorbairt ag stáisiún cumhachta núicléiche Paks. Bhí na himoibreoirí nua sin le teacht in ionad na gceithre imoibreoir a bhí ann cheana de réir a chéile. Bhí MVM Paks II ceaptha a bheith ina úinéir agus ina oibreoir ar an dá imoibreoir nua saor in aisce. Bhí a dtógáil le maoiniú go hiomlán ag Stát na hUngáire.

Bronnadh tógáil na n-imoibreoirí nua go díreach [3] ar an gcuideachta Rúiseach Nizhny Novgorod Engineering [4], i gcomhréir le comhaontú idir an Rúis agus an Ungáir maidir le comhar i ndáil le húsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach. Sa chomhaontú céanna, gheall an Rúis iasacht stáit a chur ar fáil don Ungáir chun an chuid is mó d'fhorbairt na n-imoibreoirí nua a mhaoiniú [5].

Rinne an Ostair [6] agóid i gcoinne chinneadh formheasa an Choimisiúin [7] os comhair na Cúirte Ginearálta. Le breithiúnas an 30 Samhain 2022 [8], dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean. Rinne an Ostair [9] achomharc chun na Cúirte Breithiúnais ansin i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta.

**Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais** breithiúnas na Cúirte Ginearálta agus **cinneadh formheasa an Choimisiúin araon ar neamhní**.

Measann sí, go háirithe, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, nach bhféadfadh an Coimisiún a fhíorú ar chomhlíon an chabhair atá i gceist rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, **ach gur cheart dó a fhíorú** freisin **ar chomhlíon dámhachtain dhíreach an chonartha chun an dá imoibreoir núicléacha nua a thógáil rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí**.

Go deimhin, bhí tógáil an dá imoibreoir ina chuid lárnach den bheart cabhrach ar thug an Ungáir fógra ina leith agus bhí sé mar chuspóir aige na himoibreoirí sin a chur ar fáil saor in aisce do MVM Paks II. Ina theannta sin, bhí

dámhachtain dhíreach an chonartha foirgníochta fíor-riachtanach chun cuspóir na cabhrach a bhaint amach agus, dá bhrí sin, is téarma doscartha é [10].

Cuireann an Chúirt in iúl go bhféadfadh tionchar a bheith ag eagrú nós imeachta tairisceana oscailte chun conradh a dhámhachtain chun bonneagar a thógáil, go háirithe, ar chostas na hinfheistíochta is gá don tógáil sin agus ar mhaoin an bhonneagair sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag nós imeachta den sórt sin ar mhéid an bhuntáiste a d'fhéadfaí a thabhairt do ghnóthas nó do ghrúpa gnóthas tríd an bhfoirm sin.

Thairis sin, a mhéid a mheas an Coimisiún, ina chinneadh formheasa, gur chomhlíon dámhachtain dhíreach an chonartha foirgníochta na rialacha soláthair in aon chás, níl ráiteas leordhóthanach ar chúiseanna sa chinneadh sin. Ní leor an tagairt don nós imeachta um shárú a thionscain an Coimisiún in aghaidh na hUngáire in 2015 i ndáil le dámhachtain dhíreach an chonartha foirgníochta agus a chríochnaigh sé trína mheas gur chomhlíon an dámhachtain sin na rialacha soláthair phoiblí ós rud é nach féidir na cúiseanna sonracha ba chúis leis an gconclúid sin a thuiscint.

**NÓTA:** D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Cinneadh (AE) 2017/2112 ón gCoimisiún an 6 Márta 2017 maidir leis an mbeart/scéim/Státchabhair SA.38454-2015/C (2015/N roimhe seo) atá beartaithe ag an Ungáir a chur chun feidhme mar thacaíocht d'fhorbairt dhá imoibreoir núicléacha nua ag stáisiún cumhachta núicléiche Paks II.

[2] MVM Paks II Nuclear Power Plant Development Private Company Limited by Shares.

[3] Eadhon, gan nós imeachta tairisceana poiblí.

[4] Nizhny Novgorod Engineering Company Atomenergoproekt.

[5] Gheall an Rúis líne chreidmheasa imrothlach EUR 10 mbilliún a chur ar fáil. Bhí ar an Ungáir freisin EUR 2.5 billiún breise a chur ar fáil óna buiséad féin.

[6] Le tacaíocht ó Lucsamburg.

[7] Thacaigh an Ungáir, Poblacht na Seice, an Fhrainc, an Pholainn, an tSlóvaic agus an Ríocht Aontaithe leis an gCoimisiún.

[8] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022, an Ostair v an Coimisiún, T-101/18 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 192/22).

[9] Le tacaíocht ó Lucsamburg arís. Os a choinne sin, tacaíonn an Ungáir, Poblacht na Seice, an Fhrainc agus an Pholainn leis an gCoimisiún.

[10] De réir cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ní mór don Choimisiún sáruithe ar fhorálacha dhlí an Aontais a chur san áireamh seachas na forálacha sin a bhaineann le Státchabhair i gcás ina n-eascraíonn sárú den sórt sin as an ngníomhaíocht eacnamaíoch arna maoiniú, as an gcabhair nó as a cuspóir inti féin nó as socruithe atá nasctha go doscaoilte le cuspóir na cabhrach.